



BA (Gaeilge Fheidhmeach)

An bhfuil spéis agat i do Chultúr Dúchais?

Cúrsa eisceachtúil an chéim seo sa Ghaeilge Fheidhmeach. Is é seo an t-aon chlár in Éirinn ina bhfuil céim sa Ghaeilge á tairiscint trí mheán na foghlama cumaiscthe. Tá an chéim á tairiscint ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, idir Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus Roinn na Gaeilge. Foghlaimeoirí lánfhásta is mó a bhainfidh tairbhe as an gcúrsa seo. Tabharfar aitheantas do mhic léinn a bhfuil teastas nó diplóma faighte acu cheana. Cuirfear fáilte freisin roimh dhaoine a roghnaíonn tabhairt faoi mhodúil aonair. Sásaíonn an cháilíocht seo bunchritéir na Comhairle Múinteoireachta i leith mhúineadh na Gaeilge mar ábhar Ardeistiméireachta.



Leibhéal an chúrsa: Leibhéal 8

Fad: Is 4 bliana (ar bhonn páirtaimseartha) timthriall an chláir, ach beidh fad an chúrsa ag brath ar na modúil a roghnófar má thabharfar faoi go modúlach.

Riachtanais iontrála:

- Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu. Beidh grád C3 (ardleibhéal) sa Ghaeilge riachtanach. Sásaíonn sé sin gnáthriachtanais iontrála na hOllscoile.
- Is féidir le hiarratasóirí a bhíonn os cionn 21 bliain d'aois ar an 1 Eanáir den bhliain iontrála, iarratas a dhéanamh mar fhoghlaimeoirí lánfhásta. Sa chás seo, ní gá go mbeadh an Ardeistiméireacht riachtanach. Cuirfear iarratasóirí faoi agallamh agus bunófar an toradh ar chumas cumarsáide an iarratasóra san agallamh sin.

Líon mac léinn: 60

Táille bhliantúil: €3,055

Táille in aghaidh an mhodúil (5 ECTS):

€340 (Beidh tobhach €56 le híoc ag mic léinn a chláraíonn ar an gcúrsa seo.) Iarratas a dhéanamh: www.oegaillimh.ie/acadamh nó www.oegaillimh.ie/gaeilge

Tús an chúrsa: Meán Fómhair 2017

Cláraigh roimh: 23 Lúnasa 2017



Modúil an chúrsa

Bliain 1

Cruinneas na Gaeilge 1
An Prós Comhaimseartha
Stair na Meán Gaeilge
Scileanna Staidéir
Caitheamh Aimsire agus Siamsaíocht na nDaoine
An Ghaeilge i Saol na Tíre
Uirlisí an Aistriúcháin agus na Téarmaíochta
An Scríbhneoireacht Acadúil

Bliain 2

Cruinneas na Gaeilge 2
Litríocht Chomhaimseartha na Gaeilge 1
Staidéar na Meán Comhaimseartha
Na hEalaíona Traidisiúnta
Litríocht Chomhaimseartha na Gaeilge 2
Stair an Aistriúcháin in Éirinn
Forbairt Pobail

Bliain 3

Cruinneas na Gaeilge 3
Litríocht Thraidisiúnta na Gaeilge 1
Aistriúchán Feidhmeach Téacsanna 1
Teicneolaíochtaí na Meán
Litríocht Thraidisiúnta na Gaeilge 2
Aistriúchán Feidhmeach Téacsanna 2
Dlí, Eiticí agus an Córas Poiblí

Bliain 4

Cruinneas na Gaeilge 4
Sa Bhailé is i gCéin: Litríocht na hImirce
Eagarthóireacht agus Léamh Profaí
An Scéalaíocht Dhigiteach agus an Iriseoireacht Ilmheáin
An tSochtheangeolaíocht
Togra Taighde

Deiseanna fostaíochta i réimse na Gaeilge

Bíonn éileamh ar chéimithe le Gaeilge Fheidhmeach sna réimsí seo:

- Aistriúchán
- Na meán chumarsáide – TG4, Raidió na Gaeltachta
- Eagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta
- Margaíocht agus cumarsáid
- An earnáil oideachais
- An Státseirbhís agus údaráis áitiúla
- An earnáil phobail agus ghnó

Lacáiste cánach

Tugann na Coimisinéirí Ioncaim faoiseamh cánach i leith táillí teagaisc ar an gcúrsa seo. Tuilleadh eolais le fáil ar <http://www.revenue.ie/ga/tax/it/leaflets/it31.html>

Is deis iontach atá sa chéim pháirtaimseartha seo i nGaeilge Fheidhmeach dóibh siúd ar mian leo filleadh ar an oideachas ach nach féidir leo sin a dhéanamh ar bhonn lánaimseartha de bharr cúraimí oibre, clainne agus eile. Táim féin ag obair go lánaimseartha agus thapaigh mé an deis de bharr gur céim pháirtaimseartha a bhí inti agus go raibh sí á tairiscint trí mheán na foghlama cumaiscthe.

Tá ar mo chumas an dá thrá a fhreastal, táim sa tríú bliain anois agus thar a bheith sásta. Mholfainn go mór dóibh siúd ar suim leo dul i dtreo gairm bheatha sa Ghaeilge, agus ar mhaithe leo cáilíocht a bhaint amach chuige sin, an chéim seo a dhéanamh. Is cinnte go mbainfidh tú sásamh as.

Máire Ní Loingsigh

Tuilleadh eolais:

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
+353 91 493802
eamon.ocofaigh@oegaillimh.ie
www.oegaillimh.ie/acadamh

Roinn na Gaeilge
+353 91 492564
fiona.depaor@nuigalway.ie
www.oegaillimh.ie/gaeilge